Iris Oifigiúil
an Aontais Eorpaigh

GA
Sraith C

C/2024/3590

17.6.2024

**Iarraidh ar réamhrialú ó Sąd Okręgowy w Poznaniu (an Pholainn) a taisceadh an 6 Márta 2024 – Santander Consumer Bank S.A. v EN**

**(Cás C-180/24, Santander Consumer Bank)**

(C/2024/3590)

*Teanga an cháis: an Pholainnis*

**An chúirt a rinne an tarchur**

Sąd Okręgowy w Poznaniu

**Páirtithe sna príomhimeachtaí**

*Iarratasóir:* Santander Consumer Bank S.A.

*Cosantóir:* EN

**An cheist a tharchuirtear**

An bhfuil Airteagal 3(j) de Threoir 2008/48/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Aibreán 2008 maidir le comhaontuithe creidmheasa le haghaidh tomhaltóirí agus lena n-aisghairtear Treoir 87/102/CEE ([1]) ón gComhairle le léiriú sa chaoi go gcuirtear cosc leis ar théarmaí a chur le comhaontuithe creidmheasa le tomhaltóirí, nach bhfuil a n-ábhar ina dtoradh ar chomhaontuithe ar leith idir na páirtithe, lena bhforáiltear d'ús a ghearradh ar iomlán an chreidmheasa arna thabhairt don tomhaltóir lena n-áirítear ní hamháin an méid a íoctar go hiarbhír leis an tomhaltóir, ach na méideanna a mbeartaítear leo costais an chreidmheasa arna dheonú a íoc chomh maith (lena n-áirítear, *inter alia*, mar is amhlaidh in imthosca sa chás seo, an coimisiún de chuid an chreidiúnaí nó na préimheanna árachais saoil nó cúnaimh)?

([1]) IO 2008 L 133, lch.66.